



2026/811

7.4.2026

CINNEADH (AE) 2026/811 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Márta 2026

lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra ó rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71 ⁽²⁾, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.
- (3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Carlos MAZÓN GUIXOT a cheapadh.
- (4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Pablo Gustavo BROSETA DUPRÉ a cheapadh.
- (5) Mhol Rialtas na Spáinne Juan Francisco PÉREZ LLORCA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus sainordú toghchánach aige in údarás réigiúnach, *President de la Generalitat Valenciana* (Uachtarán Rialtas Réigiúnach Valencia), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.
- (6) Mhol Rialtas na Spáinne Ruth María MERINO PEÑA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Secretaría Autonómica de Representación ante la Unión Europea y las Comunidades Autónomas, Generalitat Valenciana* (Leas-Aire Réigiúnach ar a bhfuil freagracht as an Ionadaíocht chuig an Aontas Eorpach agus Réigiún Fhéinrialaitheacha na Spáinne, Rialtas Réigiún Valencia), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad a bhfuil acu sainordú toghchánach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030:

(a) mar chomhalta:

— Juan Francisco PÉREZ LLORCA, *President de la Generalitat Valenciana* (Uachtarán Rialtas Réigiúnach Valencia),

agus

⁽¹⁾ IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj>).

(b) mar chomhalta malartach:

- Ruth María MERINO PEÑA, *Secretaria Autónoma de Representación ante la Unión Europea y las Comunidades Autónomas, Generalitat Valenciana* (Leas-Aire Réigiúnach ar a bhfuil freagracht as an Ionadaíochta chuig an Aontas Eorpach agus Réigiún Fhéinrialaitheacha na Spáinne, Rialtas Réigiún Valencia),

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU
